Go raibh maith agaibh as a bheith anseo inniu. Tá a fhios agam gur mór ag muintir Iosrael é, muintir atá tar éis an t-ionsaí sceimhlitheoireachta is measa a tharla le glúnta anuas a fhulaingt.

Is cúis bhróid dom a bheith anseo inniu leis an oiread sin agaibh. Tá sé tábhachtach go bhfuilimid i láthair anseo, lasmuigh de Pharlaimint na hEorpa. Tá ár dtionól ag Agora Simone Veil siombalach. Tá tábhacht lenár nguth. Agus is ríthábhachtach an seasamh láidir atá againn i gcoinne na sceimhlitheoireachta.

Is lá é an 7 Deireadh Fómhair a mhairfidh go deo i stair an domhain mar ghníomh míchlúiteach. Tá an domhan ag feiceáil Giúdaigh á ndúnmharú, agus gan de chúis leis ach gur Giúdaigh iad. An athuair. In Iosrael.

Táimid i láthair le hUachtarán na Comhairle Eorpaí, le hUachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, agus le gach duine agaibh - mar aon aontas amháin - chun ár ndlúthpháirtíocht a chur in iúl, chun cáineadh a dhéanamh ar na gníomhartha uafásacha sceimhlitheoireachta agus dúnmharaithe agus chun a éileamh go scaoilfí na gialla saor láithreach.

Tá an Eoraip réidh chun cabhrú le réitigh a shocrú, ach tá sé ráite agam roimhe seo agus is fiú é a rá arís - níl aon bhonn cirt leis an sceimhlitheoireacht.

Is eagraíocht sceimhlitheoireachta í Hamas. Ní hionann iad agus mianta dlisteanacha mhuintir na Palaistíne. Ní chuireann siad réitigh ar fáil. Ní dhéanann siad ach fuil a dhoirteadh.

Is cuidiú é a bheith ag labhairt go neamhbhalbh. An 7 Deireadh Fómhair, dhúnmharaigh Hamas níos mó ná míle naíonán, leanbh, bean agus fear neamhchiontach agus tá beagnach céad duine eile á gcoinneáil mar ghialla acu go fóill. Thosaigh siad ag scaoileadh urchar ar na céadta daoine óga ag ócáid cheoil, ag marú daoine go neamhshrianta, náisiúnaigh an Aontais Eorpaigh san áireamh. D'fhuadaigh siad cailíní agus buachaillí óga. Thóg siad daoine scothaosta a tháinig slán ón Uileloscadh agus tharraing siad amach as a dtithe iad. Chuir siad coirp na ndaoine a mharaigh siad ar taispeáint trí na sráideanna, amhail is dá mba thrófaithe a bhí iontu.

Ní hé seo an t-am chun líomhaintí a dhéanamh ar a chéile. Ní mór dúinn a bheith soiléir faoin méid a bhfuilimid ag caint faoi: is é seo an cineál sceimhle is measa dá bhfuil ann.

A Ambasadóir Regev, go raibh maith agat as a bheith anseo linn inniu. Seo í an Eoraip. Seasaimid in éineacht leat.

Ba mhaith liom a iarraidh ar gach duine agaibh anois nóiméad ciúnais a bheith agaibh chun cuimhneamh ar na híospartaigh.